

Úsáidí an Uimhris

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

	a An foghlaimeoir	b An foghlaimeoir	c An foghlaimeoir	d An foghlaimeoir
Gnéithe	Úsáidí an Uimhris			
Tuiscint agus Ceangal	Fiosraíonn sé uimhreacha i bhfoirm chéadfach 2-T agus 3-T (Mar shampla: uimhreacha a rianú ar pháipéar agus i ngameamh).	Aithníonn sé uimhreacha sa gharthimpeallacht. Freastalaíonn sé ar uimhreacha atá suntasach nó a mbaineann tábhacht leo don phaiste (Mar shampla: aois nó seoladh) Glacann sé páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cumarsáid faoin uimhreas.	Aithníonn sé gur féidir réada agus siombailí uimhreacha a léiriú. Cuireann sé uimhreacha in ord suas chuig 10 ar laghad. Tugann sé faoi deara agus aithníonn sé úsáid uimhreacha mar lipéid i gcomhthéacs an bhaile, an tseomra ranga agus timpeallacht na scoile. Aithníonn sé úsáid na n-orduimhreacha céad, dara, tríú, deireanach i gcomhthéacsanna gnáthshaoil.	Leann sé, scríobhann sé agus cuireann sé uimhreacha in ord suas chuig 20 ar a laghad. Tugann sé chun cuimhne ord na n-uimhreacha chun tosaigh agus ar cúl, idir náid agus chuig 20 ar a laghad, ó aon uimhir ar leith.
Cumarsáid	Glacann sé páirt in amhráin, rímeanna, gníomhaíochtaí agus scéalta uimhris.	Léiríonn sé feasacht ar uimhreacha agus ar sheicheamh d'uimhirfhocail trí amhráin, scéalta, rímeanna agus cluichí.	Léiríonn sé uimhreacha trí úsáid a bhaint as siombailí neamhfhoirmiúla (mar shampla: méara, marcanna scóir agus pictiúir), agus tosaíonn sé ag coinneáil taifid d'uimhreacha dá leithéid. Míníonn sé ordúlacht trí úsáid a bhaint as an teanga tar éis, roimh agus idir. Taispeánann sé 0, 1, 2, 3, 4, 5, chun úsáidí agus feidhmeanna difriúla uimhreacha a chur in iúl chun 'cé mhéad', ord/rangú agus lipéad a léiriú.	Pléann sé agus fiosraíonn sé úsáid an uimhris le haghaidh réimse leathan feidhmeanna; chun iad a chainníochtú [bunuihmreach], iad a chur in ord/a rangú [ordúlacht] agus iad a ainmniú nó a lipéadú [ainmneacht]. Léiríonn sé 6, 7, 8, 9, 10 chun úsáidí agus feidhmeanna difriúla uimhreacha le 'cé mhéad', ord/rangú agus lipéad a léiriú.
Réasúnaíocht	Tosaíonn sé ag breathnú ar thimpeallacht foghlama atá saibhir ó thaobh uimhreacha de agus tosaíonn sé ag cur léi. Tosaíonn sé ag forbairt feasacht ar uimhreacha atá suntasach don phaiste.	Ildirdhealaíonn sé uimhreacha ó litreacha agus siombailí eile.	Ildirdhealaíonn sé úsáid uimhreacha i gcomhthéacsanna a bhfuil suntas pearsanta ag baint leo (Mar shampla: breithlaethanta, seoltaí agus uimhreacha gutháin). Léiríonn sé cainníochtaí, ord agus lipéid le huimhreacha.	Ildirdhealaíonn sé idir chainníocht [bunuihmreach], ord/rangú ar liosta [orduimhriúil] agus ainm/lipéad nach seasann le haghaidh luach [ainmniúil] trí úsáid a bhaint as samplaí ón ngnáthshaoil.
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna	Téann sé i ngleic le gnáthaimh agus gníomhaíochtaí laethúla a mbaineann uimhreacha leo.	Fiosraíonn sé úsáid an uimhris agus imríonn sé cluichí chun feasacht ar uimhreas ina thimpeallacht a mhéadú. Sórtálann sé tacair shiombailí ina n-uimhreacha agus litreacha.	Meaitseálann sé uimhreacha agus focail uimhris le tacair agus le huimhreacha eile i réimse leathan comhthéacsanna.	Baineann sé úsáid as féilire simplí chun ordúlacht uimhreacha a chur i bhfeidhm ar dhátaí agus ar imeachtaí atá le teacht.